



Uirlis cheistneora maidir le himschrúdú ar ráigeanna de ghalar bia-iompartha agus uisce-iompartha

Treoir

Lua molta: An Lárionad Eorpach um Ghair a Chosc agus a Rialú. Uirlis cheistneora maidir le himscrúdú ar ráigeanna de ghalar bia-iompartha uisce-iompartha – Treoir [Deireadh Fómhair 2016], Stócólm, 2016.

© An Lárionad Eorpach um Ghair a Chosc agus a Rialú, Stócólm, 2016

Clár na nÁbhar

Cúlra3

| | |
|---|---|
| An mhodheolaíocht i dtaobh an stór ceisteanna a fhorbairt | 3 |
| Treoir | 4 |
| An stór ceisteanna a úsáid | 4 |
| Céim 1: Critéir eisiata | 4 |
| Céim 2: Cuir le chéile do cheistneoir | 5 |
| Céim 3a: Téann an t-agallóir i mbun an cheistneora..... | 6 |
| Céim 3b: Ceistneoirí á líonadh isteach ag an duine féin | 7 |

Cúlra

Bíonn ráigeanna de Ghalar Bia-iompartha agus Uisce-iompartha (GBU) san Aontas Eorpach (AE) agus sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) ina gcúiseanna tábhachtacha galracha agus caillteanais gheilleagraigh mar gheall ar a mhíne a tharlaíonn siad agus a dhonacht a bhíonn siad corr uair. In 2010, mar chuid den tionscadal a bhí ar bun ag an Lárionad Eorpach um Ghalar a Chosc agus a Rialú (ECDC), "[Foireann Uirlisí chun Imscrúdú a dhéanamh ar Ráigeanna de Ghalar Bia-iompartha agus Uisce-iompartha ag a bhfuil Gné AE](#)" a rinne Statens Serum Institut (Cóbanhávan, an Danmhairg) agus Institiúid na hIorua um Shláinte Phoiblí (Osló, an Iorua), forbraíodh sraith uirlisí chun tacú le himscrúdú ar ráig GBU san Eoraip. Ba í Uirlis 5 den fhoireann uirlisí sin an chéad iarracht teimpléid i gcomhair ceistneoirí a fhorbairt ó liosta ceisteanna.

I mí Feabhra 2015, d'eagraigh ECDC cruinniú saineolaithe chun mapáil a dhéanamh ar na cleachtais éagsúla maidir le cruthú agus riar na gceistneoirí i leith imscrúdú ar ráigeanna i mBallstáit de chuid AE/LEE agus chun bealaí féideartha a aithint chun tacú le himscrúduithe ar ráigeanna iltíre agus ráigeanna náisiúnta. Díríodh aird sa chruinniú sin freisin ar an ngá a bhí le nuashonrú a dhéanamh ar Uirlis 5 den fhoireann uirlisí sin, a measadh a bhí ró-chineálach. Moladh forbairt a dhéanamh ar stór ceisteanna (liosta leathnaithe ceisteanna) agus ar theimpléid i gcomhair ceistneoirí chun tacú leis an imscrúdú ar ráigeanna GBU (tá tuairisc an chruinnithe ar fáil ach í a iarraidh). Chun aghaidh a thabhairt ar an ngá sin, cuireadh tús le tionscadal darb ainm "Uirlis cheistneora i dtaobh imscrúdú ar ráig GBU", faoi chúram na hInstitiúide Náisiúnta um Shláinte Poiblí agus an Comhshaol (RIVM, Bilthoven, An Ísiltír). Tá an uirlis nuashonraithe dírithe ar thacú le cruthú ceistneoirí a úsáidfeair i gcomhair staidéar tuairisciúil agus anailíseach le linn imscrúduithe ar ráigeanna GBU ar an leibhéal áitiúil, an leibhéal réigiúnach, an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal idirnáisiúnta.

An mhodheolaíocht i dtaobh an stór ceisteanna a fhorbairt

Baineadh leas as Uirlis 5 de chuid "Foireann Uirlisí chun Imscrúdú a dhéanamh ar Ráigeanna de Ghalar Bia-iompartha agus Uisce-iompartha ag a bhfuil Gné AE" mar phointe tosaigh chun an stór ceisteanna a chruthú. Chuathas i dteagmháil ar an ríomhphost le comhaltaí [Líonra GBU de chuid ECDC](#) agus iarradh orthu ceistneoirí a chomhroinnt ar baineadh leas astu in imscrúduithe ar ráigeanna galair bhia-iompartha. Bailíodh daichead ceistneoir is a haon ó 13 Bhallstát éagsúla de chuid AE/LEE.

Mar chomhlánú ar an obair sin, rinneadh cuardach ad-hoc ar an idirlíon chun ceistneoirí breise a aimsiú d'fhonn tuilleadh hipitéisí a ghineadh maidir le ráigeanna GBU. Fuarthas ceistneoirí ar na láithreáin ghréasáin seo a leanas: Ionad na Stát Aontaithe um Ghalar a Chosc agus a Rialú (ceistneoir amháin), Údarás Sláinte Oregon agus Roinn Sláinte Minnesota sna Stáit Aontaithe (dhá cheistneoir agus ceistneoir amháin, faoi seach), agus [An Músaem Idirnáisiúnta um Ráigeanna](#) (ocht gceistneoir). Ina theannta sin, fuarthas dhá cheistneoir ó údair an ailt "Lessons learnt from a birthday party: A Bacillus cereus outbreak, Bari, An Iodáil, Eanáir 2012, Martinelli et al. Annali dell'Instituto Superiore di Sanita. 2013; 49(4):391-394", tar éis teagmháil dhíreach a dhéanamh leo.

Ní i mBéarla a bhí formhór na gceistneoirí a bailíodh. Aistríodh na ceistneoirí sin le hinnill aistriúcháin agus trí leas a bhaint as eolas na saineolaithe in RIVM agus ECDC.

Cuimsítear san uirlis cheistneora chun imscrúdú a dhéanamh ar ráig GBU 1) treoirdhoiciméad ina gcuirtear i láthair an fhaisnéis chúlra, an mhodheolaíocht agus conas úsáid a bhaint as an uirlis, agus 2) stór ceisteanna le húsáid chun ceistneoirí a chruthú d'fhonn imscrúdú a dhéanamh ar ráigeanna.

Comhroinneadh réamhthréacht den treoir agus den stór ceisteanna leis an Líonra GBU de chuid ECDC chun tuairimí a fháil ina thaobh. Ina theannta sin, eagraíodh cruinniú saineolaithe ar an 9 Meán Fómhair 2016 chun athbhreithniú criticiúil a dhéanamh ar an treoir agus an stór ceisteanna agus chun na chéad chéimeanna

féideartha eile a shainaithint maidir leis an tionscadal um uirlis cheistneora chun imscrúdú a dhéanamh ar ráig GBU (tá tuairisc an chruinnithe ar fáil ach í a iarraidh).

Baineadh leas as [an gcóras aicmiúcháin agus tuairiscithe bia](#) (Foodex2) de chuid an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA) chun cuimsitheacht agus foclaíocht na n-earraí bia atá liostaithe sa stór a áirithiú. De bharr go bhfuil ainmniú na n-earraí bia atá liostaithe sa stór ceisteanna ailínithe le FoodEx2, féadfar comparáid a dhéanamh idir chaitheamh bia na ndaoine a buaileadh tinn agus an caitheamh bia ionchais ina mBallstáit AE, ar bhonn [an Bhunachair Sonraí Chuimsithigh Eorpaigh de chuid EFSA faoi Chaitheamh Bia](#).

Baineadh leas as na fógraí a eisíodh tríd an [gCóras Mear-rabhadh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe](#) (RASFF), lena sheiceáil go raibh na hearraí bia go léir a fuarthas a bhí éillithe ar an liosta sa stór ceisteanna.

Tá an stór roinnte ina 20 catagóir (mar shampla, ceisteanna a bhaineann le taisteal, iasc agus sliogéisc, bainne agus táirgí déiríochta). Tá formhór na gcatagóirí roinnte ina bhfo-chatagóirí chun éascú d'aithint na gcineálacha ceisteanna agus na dtáirgí bia. Is éard atá sna táirgí bia sa liosta ná táirgí bia a itear nó a dhéantar a ionramháil agus iad amh nó tearc-chócaráilte, nó le próisis monaraithe nó próisis chócarála ina dtarlaíonn éilliú uaireanta. Níor áiríodh sa liosta táirgí ná miasa bia a bhaineann go sonrath le tír ar leith.

Forbraíodh an stór, agus na ceisteanna dá réir, sa chéad áit ar mhaithe leis an gcéim den ráig ina ndéantar sonraí a lorg agus hipitéisí a chur chun cinn, ach b'fhurasta é a athrú lena úsáid i staidéir eipidéimeolaíochta anailíseacha.

Treoir

An stór ceisteanna a úsáid

Tá an stór ceisteanna seo ceaptha lena úsáid ag eipidéimeolaithe agus saineolaithe sábháilteachta bia agus iad ag déanamh imscrúdú ar ráigeanna GBU. I gcás gach imscrúdú ar ráig, ba chóir an tsraith chúil ceisteanna a roghnú chun ceistneoir saincheaptha a chur le chéile. Ba chóir don saineolaí atá ag ullmhú an cheistneora ceisteanna nach bhfuil sa stór agus atá de dhíth chun críche an imscrúdaithe a chur leis. Tá fáilte roimh mholtaí faoi cheisteanna le cur leis an stór agus ba chóir iad a chur ar an ríomhphost chuig FWD@ECDC.europa.eu.

Céim 1: Critéir eisiata

I gcás gach imscrúdaithe, sainigh do chuid critéar eisiata agus, ar bhonn na gcritéar sin, féach cén ceisteanna a chabhróidh leat agallaithe a chur as an áireamh (féach na samplaí i dTábla 1). Marcáil go soiléir na ceisteanna sin ionas gur féidir leis an agallóir a shainaithint go héasca cibé ar cheart an cás a chur as an áireamh nó nár cheart, agus an agallamh a fhoirceannadh dá réir.

Tábla 1: Samplaí de cheisteanna a d'fhéadfaí a úsáid mar chritéir eisiata

| Eisiamh | Caibidil | An cheist a cuireadh | Mar shampla, cuir as an áireamh an té atá faoi agallamh más é seo a leanas an freagra... |
|--|----------|--|--|
| Taistealaithe thar lear le linn imscrúdaithe ar ráigeanna nach mbaineann le taisteal | 3 | Ar thug tú cuairt ar thír eile sna seacht lá sular bhuaill an tinneas thú? | Thug, bhí mé thar lear le linn na tréimhse sin |
| Cásanna gan comharthaí tinnis | 2 | Cén uair a tháinig na chéad comharthaí tinnis ort? | Ní raibh aon chomharthaí tinnis orm |
| Cásanna tánaisteacha | 2 | An raibh comharthaí tinnis dá samhail ar dhuine eile den teaghlach roimhe seo? | Bhí, tháinig buinneach ar m'fhear céile dhá lá sula tháinig sí ormsa. |

Céim 2: Cuir le chéile do cheistneoir

Roghnaigh na ceisteanna agus an téacs tosaigh atá uait ag brath ar an bpataigin, ar chineál na ráige agus ar an gcaoi ina ndéanfar an ceistneoir a riar.

Téigh tríd an stór ceisteanna agus scríos iadsan nach bhfuil uait, nó cóipeáil agus greamaigh na ceisteanna is mian leat a úsáid isteach i ndoiciméad nua.

Nóta tábhachtach: I gcás ráigeanna iltíre, ná hathraigh aitheantóirí uathúil na gceisteanna agus na bhfreagraí agus ná bain é (an uimhir sa chló iodálach idir lúibíní tar éis na ceiste/an fhreagra, mar shampla, 0014a). Fágann na haitheantóirí gur furasta anailís chomparáideach a dhéanamh ar thorthaí ó cheistneoirí arna riar i dteangacha éagsúla.

Moltar in Iarscríbhinn 1 thíos cé na grúpaí ceisteanna a d'fhéadfaí a mheas le cur san áireamh sa cheistneoir, ar bhonn chúis na ráige nó chúis amhrasta na ráige. Tá Iarscríbhinn 1 bunaithe ar na fógraí ón gCóras Mearrabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe (RASFF), ar ailt phiar-mheasúnaithe le déanaí agus freisin ar aiseolas ó shaineolaithe a bhí páirteach i bhforbairt na huirlise. Níl Iarscríbhinn 1 uileghabhálach.

Is é is aidhm leis an téacs tosaigh an t-agalláí a threorú tríd an gceistneoir. Tugtar dhá leagan den réamhrá i gcónaí: ceann i gcomhair na n-agallamh arna riar ag agallóir ar an teileafón nó duine le duine, agus ceann do dhaoine atá á gcur faoi agallamh acu féin. Sa chás ina mbeidh agallóir i mbun an cheistneora, ba chóir dó nó di an téacs roghnaithe a léamh chun gach bloc ceisteanna a chur i láthair. Tá an téacs tosaithe i gcló trom agus i mbosca glas, mar a léirítear thíos:

Agallóir: Leanfaimid ar aghaidh i mbun an agallaimh seo le ceisteanna faoin tinneas gastraistéigeach a bhí ort le déanaí.

Ceistneoir á líonadh isteach ag an duine féin: Is leis an tinneas gastraistéigeach a bhí ort le déanaí a bhaineann na chéad ceisteanna eile.

Nuair a bhítear ag súil le cineál nó formáid áirithe freagra, tugtar moladh i lúibíní agus *sa chló iodálach* (mar shampla, *(l/mm/blain)*).

Oiriúnaigh an ceistneoir

Má tá bianna nó ceisteanna ar iarraidh ón stór seo, is féidir leat iad a chur le do cheistneoir féin agus aiseolas a thabhairt do ECDC ionas gur féidir an leagan ar líne den stór a nuashonrú.

I gcás a lán ceisteanna, is mar seo atá leagan amach an fhreagra: dearfach/diúltach/ní fios. Mar mhalairt air sin, d'fhéadfaí leagan amach cosúil le "Bhí/Is dócha go raibh/Ní raibh/Is dócha nach raibh" a úsáid ionas gur féidir na freagraí "ní fios" a sheachaint agus ina gcuirtear san áireamh na nósanna itheacháin. Más mian leat leas a bhaint as an gcur chuige sin, úsáid roghanna malartacha den sórt sin i gcomhair na bhfreagraí ar fud an cheistneora.

Sainigh do thréimhse thagartha agus réamh-chomhlánaigh an ceistneoir

Is é an tréimhse thagartha an tréimhse lena mbaineann an fhaisnéis a bailíodh ón agalláí. Is líon laethanta nó seachtainí a bhíonn i gceist go hiondúil agus bíonn sí bunaithe ar thréimhse ghoir an oibreáin (amhrasta) is cúis leis an ráig. Gheobhaidh tú moltaí i dtaobh tréimhsí tagartha in Iarscríbhinn 1. Ar fud an cheistneora, cuir an tréimhse thagartha atá socraithe i leith an imscrúdaithe in ionad **[T]**.

Sula dtosóidh tú ar na hagallaimh, líon isteach an chuid "ceisteanna atá le réamh-chomhlánú" i gcaibidil 1 leis an bhfaisnéis atá agat cheana faoin ráig agus mar is cú i leith na gcásanna tinnis. Ansin is féidir leat na freagraí a dheimhniú, más gá, le linn an agallaimh.

Líon isteach na réimsí uile atá marcáilte le lúibíní cearnacha [] agus a bhfuil aibhsiú buí orthu. Léiríonn **[tír]**, mar shampla, gur chóir duit ainm na tíre a líonadh isteach. Ionas go mbeidh sé níos éasca an ceistneoir a léamh le linn na n-agallamh, bain an téacs aibhsithe agus na lúibíní cearnacha.

Socraigh cibé ar mhaith leat nó nár mhaith leat dialann bhia a áireamh (Caibidil 19) agus cuir i gcrích an ceistneoir

Bain úsáid as an dialann bhia i gCaibidil 19 i gcás na ngalar a bhfuil tréimhse ghoir ghearr acu. Is fearr í a úsáid le haghaidh na tréimhse trí lá sular buaileadh tinn an duine. Is féidir síneadh a chur leis an tréimhse sin go dtí teorainn seacht lá, toisc gur minic agus na daoine a bhí nó atá tinn á gcur faoi agallamh go mbíonn cúpla seachtain imithe thart cheana féin ó tháinig an galar orthu.

Ar deireadh, cuir dáta agus/nó uimhir leagain leis an gceistneoir ionas gur féidir rianú a dhéanamh ar athruithe féideartha ar an gceistneoir le linn na ráige.

Céim 3a: Téann an t-agallóir i mbun an cheistneora

Ba chóir na hagallóirí a bheith eolach ar an gceistneoir sula dtosódh siad ar na hagallaimh, agus, más féidir, ba chóir oiliúint a bheith orthu maidir le conas duine a chur faoi agallamh. Ba chóir aghaidh a thabhairt ar cheisteanna nó amhras faoi cheisteanna sonracha nó codanna sonracha de na ceistneoirí sula gcuirfear tús leis an agallamh.

Cur chuige na n-agallóirí

- Léigh an ceistneoir agus an téacs tosaigh. Iarr soiléiríú ar chomhordaitheoir an imscrúdaithe ar an ráig má tá rud ar bith nach bhfuil soiléir duit.
- Seiceáil go bhfuil an fhaisnéis agus an t-ábhar go léir agat a theastaíonn chun glao a chur ar an duine atá nó a bhí tinn. Bí ar an eolas nach mór duit an réamhrá agus na ceisteanna a chur ar bhealach eile murab é an duine tinn é nó í féin atá faoi agallamh, ach, mar shampla, céile nó tuismitheoir leis nó léi.
- Glao ar an agallaí. Bain leas as an téacs atá molta sa stór chun tú féin a chur in aithne agus a mhíniú cén fáth a bhfuil tú ag glaoch.
- Téigh i mbun an agallaimh nuair a bheidh toiliú tugtha.

Leideanna agus seifteanna

- Seachain gan sonraí a thabhairt faoin ráig (go háirithe faoi chúiseanna féideartha) go dtí go mbeidh an t-agallamh thart. "Nílím ag iarraidh dul i bhfeidhm ar na freagraí uait, mar sin an bhféadfaimis dul tríd an liosta ceisteanna ar dtús, agus ansin freagróidh mise do chuid ceisteanna féin?"
- Úsáid féilire chun an tréimhse roimh thús na ráige a chinneadh a gcuirfidh tú ceisteanna ina leith (an tréimhse thagartha). Luaigh an dáta tosaigh agus an dáta deiridh chomh maith le laethanta na seachtaine (mar shampla, Déardaoin an 7 Iúil go dtí Dé Céadaoin an 13 Iúil).
- Cuimhnigh gur féidir débhrí a bheith i gceist le húsáid "am" agus "pm" (mar shampla, 7am); is fearr "7 ar maidin" a rá.
- Mol don agallaí féachaint ar fhéilire chun na dátaí a aithint.
- Leag béim air gur mhaith leat taifead a dhéanamh freisin ar rud ar bith ar bhlaís siad de, fiú mura raibh ann ach greim nó dhó. I gcás roinnt daoine, ní mheasann siad gur "ithe" é sin.
- Más rud go bhfuil tuismitheoir nó caomhnóir ag freagairt thar ceann linbh, meabhraigh don agallaí go rialta gur thar ceann an linbh atá na freagraí.
- Má thugann an freagróir freagra dearfach ar cheann ar bith de na bianna sa liosta, cinntigh go gcuirfear na ceisteanna níos mionsonraithe faoi na bianna sin.
- Tá "ní fios" nó "níl a fhios agam/ní cuimhin liom" ina rogha freagra maidir le formhór na ceisteanna. Go háirithe i gcás tréimhsí tagartha fada nó más gaolta (seachas an duine tinn féin) atá faoi agallamh, tá gá leis an rogha sin. Triail freagra dearfach nó freagra diúltach a fháil más féidir leat, áfach.

Céim 3b: Ceistneoirí á líonadh isteach ag an duine féin

Cuirtear an ceistneoir chuig an té atá nó a bhí tinn ar an ngnáthphost nó ar an ríomhphost. Fágann sé sin nach mór an ceistneoir agus an litir chumhdaigh nó an ríomhphost cumhdaigh a bheith soiléir, cuimsitheach. Smaoinigh ar uimhir theileafóin a lua ionas gur féidir leis na freagróirí glao a chur ort má tá ceist acu. Tugann an litir chumhdaigh buneolas faoin imscrúdú ar an ráig agus faoin gceistneoir. Is féidir leideanna a thabhairt inti freisin maidir leis an gceistneoir a fhreagairt (féach na samplaí thuas).

Iarscríbhinn 1. Tréimhsí tagartha agus grúpaí ceisteanna molta a d'fhéadfaí smaoineamh orthu agus ceistneoir á chur le chéile d'fhonn hipitéis a ghineadh, de réir na pataigine amhrasta/deimhnithe

| | Salm | Campa | Shig | STEC | LM | BC | SA | NoV | HAV | HEV | Criptea | Giardia |
|---|------------|------------|------------|------------|--------------|------------|------------|------------|--------------|--------------|---------|---------|
| Tréimhse thagartha | 7 lá | 7 lá | 7 lá | 7 lá | 4 seachtaine | 1 lá | 1 lá | 3 lá | 6 seachtaine | 6 seachtaine | 12 lá | 14 lá |
| Ceisteanna ginearálta agus ceisteanna déimeagrafacha | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| Ceisteanna a bhaineann le galar | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| Ceisteanna a bhaineann le taisteal | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| Nósanna i dtaobh bia, ailléirgí agus aiste bia | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| Siopadóireacht, bialanna agus áiteanna itheacháin lasmuigh den bhaile | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| Glasraí agus táirgí glasraí | X | X | X | X | X | X | X | X | X | | X | X |
| Torthaí agus táirgí torthaí | X | X | X | X | X | X | | X | X | | X | X |
| Cnónna agus síolta | X | | | | | | | | | | | |
| "Sárghianna" | X | | | | | | | | X | | | |
| Feoil agus táirgí feola | X | X | X | X | X | X | X | | | X | X | |
| Iasc agus sliogéisc | X | | X | | X | X | X | X | X | X | | |
| Bainne agus táirgí déiríochta | X | X | X | X | X | X | X | | X | | X | |
| Uibheacha agus táirgí uibhe | X | X | | | X | X | X | | | | | |
| Táirgí bia eile | X | | | | X | X | X | | X | | X | |
| Táirgí bia do leanaí óga | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| Uisce agus deochanna uiscebhunaithe | X | X | X | X | | X | | X | X | X | X | X |
| Teagmháil le hainmhithe | X | X | | X | | | X | | | X | X | |
| Dialann bhia | X | X | X | X | | X | X | X | | | | X |
| Ceisteanna clabhsúir | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |
| Tagairtí | [1], RASFF | [2], RASFF | [3], RASFF | [4], RASFF | [5], RASFF | [6], RASFF | [7], RASFF | [8], RASFF | [8], RASFF | [8] | [9, 10] | [10] |

Salm = *Salmonella*; Campa = *Campalabaictéar*; Shig = *Shigella*; STEC = tocsain Shiga as a dtagann *Escherichia coli*; LM = *Listeria monocytogenes*; BC = *Bacillus cereus*; SA = *Staphylococcus aureus*; NoV = nóraivreas; HAV = víreas heipitítis A; HEV = víreas heipitítis E; Crypto = *Criptea spóiridiam*; Giardia = *Giardia lamblia*.

- (1) **Silva C, Calva E, Maloy S.** One Health and Food-Borne Disease: Salmonella Transmission between Humans, Animals, and Plants. 2014; **2**: OH-0020-2013.
- (2) **Klein G, ed.** *Campylobacter*. Features, detection, and prevention of foodborne disease. 1st ed. Amsterdam: Academic Press/Elsevier inc., 2017: 160.
- (3) **Berger S.** *Shigellosis: Global Status*. 2016 edition ed. Los Angeles, California, USA: Gideon Informatics, 2016.
- (4) **Rivas M, et al.** Risk Factors for Shiga Toxin-Producing *Escherichia coli*-Associated Human Diseases. *Microbiology spectrum* 2014; **2**.
- (5) **Lomonaco S, Nucera D, Filipello V.** The evolution and epidemiology of *Listeria monocytogenes* in Europe and the United States. *Infection, genetics and evolution : journal of molecular epidemiology and evolutionary genetics in infectious diseases* 2015; **35**: 172-183.
- (6) **Tewari A, Abdullah S.** *Bacillus cereus* food poisoning: international and Indian perspective. 2015; **52**: 2500-2511.

- (7) **Kadariya J, Smith TC, Thapaliya D.** Staphylococcus aureus and staphylococcal food-borne disease: an ongoing challenge in public health. 2014; **2014**: 827965.
- (8) **Todd ECD, Greig JD.** Viruses of foodborne origin: A review. 2015; **7**: 25-45.
- (9) **Robertson LJ, Chalmers RM.** Foodborne cryptosporidiosis: is there really more in Nordic countries? 2013; **29**: 3-9.
- (10) **Dixon BR.** Parasitic illnesses associated with the consumption of fresh produce - an emerging issue in developed countries *Current Opinion in Food Science* 2016; **8**: 104-109. **Iarscribhinn**